GAEILGE IORRAIS

| Preasráiteas | Tuilleadh eolais: | |
|---|---|---|
| Press Release | gaeilgeiorrais@gmail.com | |
| 16.04.2024 | **097-29023** | |

# Léacht Lá Bealtaine faoin mbailiúchán 'Amhráin ó Iorrus' le Mícheál Ó Gallchobhair

Tá ríméad ar Ghaeilge Iorrais ócáid speisialta faoi amhránaíocht ar an sean-nós a reáchtáil i nGaeltacht Iorrais ar Lá Bealtaine. Cuirfear tús leis an gcur i láthair ag 7 i.n. Dé Céadaoin 1 Bealtaine 2024 in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead. Tabharfaidh Síle Uí Mhongáin agus Séamus Ó Mongáin cur síos ar an mbailiúchán 'Amhráin ó Iorrus' le Mícheál Ó Gallchobhair.

Bhí traidisiún láidir sean-nóis i dtuaisceart Mhaigh Eo sa 19ú haois agus mhair go leor filí agus cumadóirí amhrán sa cheantar. Leis an drochshaol agus an imirce, d'fhág na sluaite an áit ach choinnigh siad leofa an traidisiún amhránaíochta sa saol úr. Thug Séamus Ó Duilearga (stiúrthóir Choimisiún Béaloideasa Éireann ag an am) cuairt ar Chicago i 1939. Le linn dó a bheith ansin 85 bliain ó shin, chas sé le himircigh ó Iorras, muintir Uí Ghallchobhair (de bhunú Ghaoth Sáile agus Béal Átha Chomhraic) ina measc.

Cailleadh Mícheál Ó Gallchobhair bliain sula ndeachaigh Ó Duilearga go Chicago. Thug muintir Uí Ghallchobhair lámhscríbhinn Mhíchíl, deartháir leofa, do Ó Duilearga, ar a raibh cruinnithe aige 47 amhrán a bhailigh sé óna mhuintir agus comharsana sa bhaile agus ó na deoraithe as Iorras i Meiriceá, le linn dó a bheith ansin ar feadh 46 bliain. Chuir an Cumann le Béaloideas Éireann an bailiúchán i gcló san irisleabhar *Béaloideas X* (1940) faoin teideal 'Amhráin ó Iorrus.' Uathu seo a tógádh formhór na n-amhrán atá ar an dlúthdhiosca 'Amhráin ó Iorrus' a eisíodh i 2014 faoi stiúir Shéamuis agus Shíle Uí Mhongáin agus na hamhráin sin ráite ag amhránaithe ó Iorras. 'Amhráin a d'imigh uainn agus a tháinig ar ais' atá luaite ar chlúdach an dlúthdhiosca sin.



Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Sa bhaile faraor, chuaigh an traidisiún i léig gur beag nár cailleadh ar fad é, ach le blianta beaga anuas ach go háirithe, a bhuí le hobair leithéidí Mhíchíl Uí Sheighin, muintir Uí Mhongáin agus Pádhraic S Ó Murchú, tá athbheochan an traidisiúin amhránaíochta ar an sean-nós agus na n-amhrán áitiúil le sonrú sa Ghaeltacht seo go fóill, i measc an aosa óig ach go háirithe. Tá obair eiseamláireach ar bun ag Síle Uí Mhongáin ag seachadadh an traidisiúin seo agus na n-amhrán áitiúil ar an sean-nós i mbunscoileanna Gaeltachta Iorrais ó 2020 faoin gclár Cuisle, Ealaín na Gaeltachta agus os cionn 230 páiste bunscoile as na 7 mbunscoil Ghaeltachta páirteach sa chlár i mbliana. Tá bláthú ag teacht ar an obair seo go léir i gcaitheamh an ama agus fonnadóirí óga ó Ghaeltacht Iorrais le cloisteáil ag gabháil fhoinn níos minicí agus ag rá amhrán na Gaeltachta seo ag seisiúin rialta de chuid CCÉ Chraobh Chlann Lir na Gaeltachta seo agus níos faide ó bhaile ag ócáidí cosúil le hOireachtas na Samhna, fleadhanna ceoil agus mar sin de. Mar shampla, d'éirigh le triúr amhránaí óg ón gceantar seo dul chomh fada le Fleadh Cheoil na hÉireann i 2023 agus beidh breis agus 20 amhránaí óg ó Ghaeltacht Iorrais páirteach i gcomórtais amhránaíochta ar an sean-nós ag Fleadh Mhaigh Eo i mí Bealtaine. Nár laga Dia iad.

Fáilte roimh óg agus aosta freastal ar an ócáid speisialta seo. Beidh deis ag pobal an cheantair, idir múinteoirí scoile, tuismitheoirí, muintir na háite agus na páistí scoile iad féin tuilleadh a chloisteáil faoin gcuid thábhachtach seo dár n-oidhreacht Ghaeltachta. Beidh neart ama do cheisteanna, cúpla stéibh, cupán tae agus soláistí i néis an chuir i láthair ó mhuintir Uí Mhongáin. **Bígí linn @ 7 i.n. in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead, Dé Céadaoin 1 Bealtaine.**



Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.